Úsáid TFC
Gnéithe Inmhianaithe

Ag Obair le híomhánna

Leibhéal 1

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Páirt a ghlacadh i bplé faoi threoir an mhúinteora ar an réimse gnéithe i stór íomhánna agus bunghnéithe de bhogearraí eagarthóireachta íomhánna a fhiosrú. (Fiosrú)
- Uirlisí bunúsacha bogearraí, amhail an peann luaidhe nó an cleiteán, a úsáid, le cuidiú an mhúinteora. (Cur in iúl)
- Fios a bheith acu gur féidir modhanna digiteacha a úsáid le cumarsáid a dhéanamh. (Malartú)
- Labhairt faoin íomhá acu, le leideanna ón mhúinteoir. (Luacháil)
- A n-íomhá a thaispeáint le cuidiú an mhúinteora. (Taispeáint)

Leibhéal 2

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Íomhánna as réimse foinsí digiteacha tugtha a bhreathnú agus a roghnú. Sraith treoracha a leanúint agus uirlisí ionramhála íomhá a úsáid le cuma íomhá a athrú. *B'fhéidir go mbeadh bearradh agus/nó athrú méide i gceist leis seo.* (Fiosrú)
- Cuid de na huirlisí a úsáid le híomhánna a dhéanamh agus a athrú le cuidiú an mhúinteora. *B'fhéidir go gcuimseoidh sé seo dath an chúlra a athrú nó scagaire a chur i bhfeidhm.* (Cur in iúl)
- An dóigh le modhanna éagsúla digiteacha a úsáid le cumarsáid a dhéanamh a shainaithint agus labhairt fúthu. (Malartú)
- Labhairt faoin dóigh lena gcuid oibre a fheabhsú, le leideanna ón mhúinteoir. (Luacháil)
- A n-íomhá a shábháil agus/nó í a thaispeáint don rang nó don ghrúpa le cuidiú an mhúinteora. (Taispeáint)

Leibhéal 3

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Íomhánna as réimse foinsí digiteacha tugtha a rochtain agus triail a bhaint as réimse uirlisí le híomhánna a ionramháil. Sraith treoracha a leanúint agus eagarthóireacht a dhéanamh orthu agus gnéithe den phacáiste bogearraí in úsáid. *B'fhéidir go gcuimseoidh sé seo scálú, uirlis póstaerach a úsáid nó codanna den íomhá a roghnú ag úsáid na slaite draíochta.* (Fiosrú)
- Íomhá a oscailt in eagarthóir íomhánna agus roinnt ionramhálacha a chur i bhfeidhm uirthi. *B'fhéidir go gcuimseoidh sé seo dathanna a choigeartú nó ciseal téacs a chur léi nó scagaire a chur i bhfeidhm.* (Cur in iúl)

- Modh comhaimseartha digiteach a úsáid le cumarsáid a dhéanamh, nó le cur le gníomhaíocht ar líne faoi stiúir. *B'fhéidir go gcuimseoidh sé seo ríomhphoist a chur nó postáil a dhéanamh ar wiki, ar bhlag nó ar shnáithe plé. B'fhéidir go gcuirfí an ríomhphost nó an phostáil chuig múinteoir.* (Malartú)
- Roinnt mionathruithe a dhéanamh lena n-íomhá a fheabhsú. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo dath a bheadh níos cuí a úsáid i rannán ar leith.* (Luacháil)
- Comhadainm a úsáid lena n-íomhá a shábháil agus/nó í a thaispeáint don rang nó don ghrúpa. (Taispeáint)

Leibhéal 4

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Íomhánna as réimse foinsí digiteacha a roghnú agus triail a bhaint as réimse uirlisí agus rialtáin le híomhánna a dhéanamh agus a ionramháil. *Is féidir go gcuimseoidh sé seo rochtain a fháil ar íomhánna ó cheamara digiteach nó obair ealaíne a scanadh chomh maith le huirlisí tarraingthe a úsáid, uirlisí claochlaithe a úsáid, cisil a chur leo, nó roinnt limistéir a roghnú ag úsáid uirlis na slaite draíochta.* (Fiosrú)
- Íomhá a oscailt agus a chur in eagar a léiríonn feasacht ar an spriocghrúpa agus ar an chuspóir atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo cisil bhreise a chur leis, trédhearcacht ciseal a rialú nó socruithe scagaire a choigeartú lena dhéanamh cinnte go mbeidh an íomhá oiriúnach don spriocghrúpa agus don chuspóir.* (Cur in iúl)
- Ceann amháin nó níos mó de mhodhanna comhaimseartha digiteacha a úsáid le cumarsáid, le malartú agus le comhoibriú a dhéanamh i ngníomhaíochtaí ar líne faoi stiúir. *B'fhéidir go mbeadh ríomhphost le ceangaltán a chur nó roinnt postálacha ábhartha a dhéanamh ar vicí, ar bhlag nó ar fhóram díospóireachta i gceist leis seo.* (Malartú)
- Uirlisí agus gnéithe fóirsteanacha TFC a úsáid lena gcuid oibre a fheabhsú. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo triail a bhaint as cuir chuige éagsúla roimh an mhodh is éifeachtaí a roghnú.* (Luacháil)
- An íomhá a shábháil i bhfillteán ainmnithe nó i ríomhphunann ranga. (Taispeáint)

Leibhéal 5

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Agus spriocghrúpa agus cuspóir ar intinn, tuilleadh íomhánna ábhartha don táirge a thaighde agus a roghnú as réimse foinsí digiteacha agus triail a bhaint as réimse uirlisí agus rialtáin le híomhánna a dhéanamh agus a ionramháil. Na bogearraí a úsáid leis an fhadhb i mionteagasc an taisc a réiteach. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo bheith ag obair idir cur chuige rastair agus cur chuige veicteora agus iad ag déanamh cruthanna nó téacs a ullmhú do thionscadal íomhá.* (Fiosrú)
- Colláis a dhéanamh trí íomhánna a chur le chéile i gcisil, na híomhánna a ionramháil lena bhfeabhsú agus an spriocghrúpa agus an cuspóir san áireamh. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo ábhar na gciseal aonair a athlonnú, ag úsáid masc le codanna d'íomhá a cheilt nó a nochtadh, nó cumasc a dhéanamh idir cisil.* (Cur in iúl)

- Modhanna comhaimseartha digiteacha a úsáid le cumarsáid, malartú agus roinnt a dhéanamh ar a gcuid faisnéise agus táirgí ilmheán, comhoibriú ar líne a dhéanamh lena bpiaraí. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo obair ar líne le híomhá a chruthú, nó plé, díospóireacht agus/nó idirbheartaíocht ar líne a dhéanamh maidir leis na gnéithe le cur isteach ina n-íomhá.* (Malartú)
- An timthriall de 'phleanáil, déanamh agus athbhreithniú' a úsáid lena gcuid oibre a fheabhsú. *B'fhéidir go mbeadh a gcuid oibre a dhearadh, a dhréachtú agus a bheachtú, ionas go mbeadh sí ábhartha don spriocghrúpa agus don chuspóir atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc. B'fhéidir go gcuimseodh sé seo fosta iarraidh ar phiaraí aiseolas a thabhairt ar a n-íomhá.* (Luacháil)
- An íomhá agus comhaid agus/nó ábhair ar bith atá bainteach leis a eagrú, a stóráil agus a chothabháil i spás pearsantaithe le sárthaispeántas a dhéanamh den fhoghlaim dhigiteach trasna an churaclaim. (Taispeáint)

Leibhéal 6

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Íomhánna lena gcur ina dtáirge a thaighde a roghnú, agus a luacháil, agus spriocghrúpa agus cuspóir ar intinn, le réimse foinsí digiteacha in úsáid agus tagairtí a chur ar fáil nuair is cuí. Imscrúdú a dhéanamh ar réimse uirlisí agus gnéithe sna bogearraí eagarthóireachta fuaime, ag cur san áireamh an spriocghrúpa agus an cuspóir atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc. (Fiosrú)
- Íomhá chríochnaithe nó seicheamh íomhánna a chur le chéile trí chomhchodanna a ionramháil agus a chomhtháthú amhail téacs, ilchisil, íomhánna fótagrafacha, agus íomhánna tarraingthe agus/nó veicteoireacha. Ilchisil a rialú, íomhánna a ionramháil agus coigeartuithe a dhéanamh le riar ar na riachtanais atá ag cliant, ag spriocghrúpa nó ag cuspóir ar leith. (Cur in iúl)
- Réimse de mhodhanna comhaimseartha digiteacha a úsáid le cumarsáid a dhéanamh, lena gcuid faisnéise agus a gcuid táirgí ilmheáin a mhalartú agus a roinnt, ag comhoibriú le piaraí, le saineolaithe agus le húsáideoirí deiridh. *B'fhéidir go mbeadh comhoibriú ar an íomhá nó ar an táirge le piaraí i gceist leis seo, mar shampla é a roinnt i bhfóram díospóireachta agus ligean do rannpháirtithe gnéithe comhoibríocha de na bogearraí a úsáid, amhail athruithe a rianú, le tráchtanna agus cosaintí cáilíochta a chur go díreach isteach ar an íomhá nó ar an táirge.* (Malartú)
- Cosaint a dhéanamh ar an fheidhm a roghnaigh siad leis an tasc a chomhlánú, ar na roghanna malartacha a bhí i gcaibidil acu agus ar an phróiseas a rinne siad agus an foilseachán á tháirgeadh. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo an próiseas forbartha a shainaithint agus cur síos a dhéanamh air, agus na heochairphointí a shainaithint mar a ndearna siad breithiúnais fiúntais a chuir feabhas ar an leagan deiridh den íomhá nó den táirge. Beidh siad ábalta cosaint a dhéanamh ar an dóigh a gcomhlíonann a dtáirge riachtanais an spriocghrúpa agus an chuspóra atá sainithe.* (Luacháil)
- An íomhá agus comhaid agus/nó ábhair ar bith atá bainteach leis a eagrú, a stóráil agus a chothabháil i spás pearsantaithe le sárthaispeántas a dhéanamh den fhoghlaim dhigiteach trasna an churaclaim. (Taispeáint)

Leibhéal 7

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Acmhainní as réimse d'fhoinsí digiteacha, a aimsíodh agus a cruthaíodh, a thaighde a roghnú, agus a luacháil, agus idirdhealú a dhéanamh eatarthu maidir le hábharthacht, iontaofacht agus beachtas agus cosaint a thabhairt ar a bhfoinsí agus tagairt a dhéanamh dóibh. Na gnéithe is cuí le húsáid a roghnú agus a chosaint le freastal ar riachtanais an úsáideora deiridh atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo taighde agus rogha a dhéanamh ar shócmhainní agus iad a thriail go córasach le réimse gnéithe bogearraí ardfhorbartha, cinneadh a dhéanamh ar an cheann is cuí le freastal ar riachtanais an úsáideora deiridh, ag úsáid timthriall forbartha lena bhfréamhshamhail táirge a thástáil agus a choigeartú go rialta agus cosaint a thabhairt ar roghanna agus ar chinntí bunaithe ar a n-intinní tosaigh, ar ghrúpdhíospóireachtaí agus ar aiseolais ó úsáideoirí deiridh.* (Fiosrú)
- Íomhá nó seicheamh íomhánna críochnaithe a chruthú, trí chomhchodanna a ionramháil agus a chomhtháthú le himprisean físiúil a chruthú a chomhlíonann riachtanais an úsáideora deiridh atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo comhtháthú a dhéanamh ar chomhchodanna amhail íomhánna fótagrafacha agus íomhánna tarraingthe agus/nó veicteoireacha, ilchisil a rialú agus/nó íomhánna a ionramháil agus a choigeartú le riar ar na riachtanais atá ag cliant, ag spriocghrúpa nó ag cuspóir ar leith.* (Cur in iúl)
- Tairbhe a bhaint as modhanna comhaimseartha cumarsáide le malartú, roinnt agus comhoibriú a dhéanamh ar a gcuid faisnéise agus smaointe forbartha le piaraí, le saineolaithe agus le húsáideoirí deiridh, ag cur le timpeallacht dhomhanda chomhoibríoch. *B'fhéidir go mbeadh an íomhá nó an táirge a uaslódáil chuig blag le haiseolas a bhailiú ó phiaraí, ó shaineolaithe agus ó úsáideoirí deiridh i gceist leis seo, agus gníomhú dá réir ar dhóigh thuisceanach le feabhas breise a chur ar ardchaighdeán agus ar oiriúnacht an táirge nó na faisnéise don úsáideoir deiridh agus atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc.* (Malartú)
- Riachtanais an úsáideora deiridh agus cuspóir an taisc a shainaithint ag an tús, le tuiscint atá ag méadú, agus athbhreithniú a dhéanamh go córasach ar an íomhá nó ar an táirge deiridh i gcoinne na riachtanas ag deireadh an phróisis, agus a shainaithint go soiléir cé acu a comhlíonadh agus cé acu nár comhlíonadh. *B'fhéidir go gcuimseoidh sé seo aiseolas a chruinniú ó úsáideoirí deiridh agus beachtú breise a dhéanamh nó moltaí a leagan amach le feabhas a dhéanamh.* (Luacháil)
- Stór digiteach d'obair atá struchtúraithe go loighciúil a bhainistiú agus a chur i láthair, le sárthaispeántas a dhéanamh ar fhoghlaim trasna an churaclaim, agus formáid, iomparthacht, méid, cóipcheart agus leaganú a chur san áireamh. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo comhaid a chúltacú chuig áit mhalartach, leaganacha iolracha a bhainistiú agus formáidí agus taifigh chuí a roghnú.* (Taispeáint)

Ba chóir go léireodh daltaí, ag am agus in áit chuí, eolas agus tuiscint ar ríomhshábháilteacht, lena n-áirítear iompraíocht inghlactha ar líne.